



Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

OIDEACHAS REILIGIÚNACH - GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR SAMPLACH

Iomlán na Marcanna: 320

Dhá Uair an chloig

Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI:

- **DHÁ CHEIST AS AONAD A hAON**
- **DHÁ CHEIST AS AONAD A DÓ**
- **AON CHEIST AS AONAD A TRÍ**

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ CHEANN** DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS.

(Tá 40 marc ar gach ceist)

ROINN A AN CUARDACH DO BHRÍ AGUS LUACHANNA

CEIST 1. FEALSÚNACHT

- a. Cad is ciall leis an téarma “fealsúnacht”? (15 marc)
- b. Ainmigh seanGhréagach amháin a chuidigh le forbairt na fealsúnachta. (10 marc)
- c. Rianaigh go hachomair smaointeoireacht an duine atá ainmnithe agat. (15 marc)

CEIST 2. MIOTAS AGUS AN CUARDACH DO BHRÍ

“Sa seansaol thug miotais na freagraí do dhaoine maidir leis na príomhcheisteanna agus iad ag cuardach do bhrí.”

- a. Rianaigh miotas ársa amháin go hachomair a thug freagra ar aon príomhcheist amháin sa chuardach do bhrí. (20 marc)
- b. Mínigh conas a thugann an miotas atá rianaithe agat freagra ar an bpríomhcheist seo. (20 marc)

CEIST 3. DIA AGUS NA DÉITHE

- a. Cad is ciall leis an téarma “ildiachas”? (15 marc)
- b. Ainmigh reiligiún **amháin** atá ina shampla de “ildiachas”. (10 marc)
- c. Rianaigh go hachomair an bealach ina bhfuil an reiligiún atá ainmnithe agat ina shampla d’ildiachas. (15 marc)

AONAD A DÓ

(160 marc)

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ CHEANN** DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

(Tá 80 marc ar gach ceist)

ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT – RÍOCHT DÉ

- Rianaigh an tuiscint a bhí ag na Giúdaigh ar Ríocht Dé le linn Íosa. (30 marc)
- Thug Íosa tuiscint nua do na daoine ar Ríocht Dé trí na parabail a mhúin sé. Rianaigh parabal **amháin** den chineál sin. (20 marc)
- Mínigh an tuiscint ar Ríocht Dé atá sa pharabal atá rianaithe agat. (30 marc)

ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA – DEASGHNÁTHA IONADACHTA

- Cad is deasghnáth ionadachta ann? (20 marc)
- Agus an Giúdachas nó an Chríostaíocht i gceist agat, déan cur síos ar dheasghnáth ionadachta **amháin**. (30 marc)
- Mínigh siombalachas gnáis **amháin** a bhaineann leis an deasghnáth seo. (30 marc)

ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA – LUACHANNA AGUS CÓID

- Rianaigh an difríocht atá idir luach pearsanta agus luach pobail. (20 marc)
- Rianaigh cód nó cairt mhorálta **amháin** a choinníonn cothromaíocht idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail. (30 marc)
- Mínigh conas is féidir an chothromaíocht seo idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail a fheiceáil sa chód atá rianaithe agat thuas. (30 marc)

AONAD A TRÍ

(80 marc)

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

(Tá 80 marc ar gach ceist)

ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

Tá sé ráite nár caitheadh chomh cothrom céanna i gcónaí le fir agus mná i gcúrsaí reiligiúin.

Bain úsáid as sampla de dhuine nó de ghrúpa a bhfuil staidéar déanta agat air/uithi nó orthu agus pléigh an bhfuil an tuairim seo ceart.

(80 marc)

ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

a. Rianaigh na príomhphrionsabail a bhaineann le Teoiric an Chogaidh Chóir. (40 marc)

b. Roghnaigh an prionsabal is úsáidí dar leat agus mínigh cén fáth. (40 marc)

ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

“Ar nós gach uile scéil mhaith tá rud éigin i scéal Íoib don uile dhuine.”

a. Rianaigh scéal Íoib i d’fhocail féin. (40 marc)

b. Mínigh cad é an rud is luachmhaire atá ann do léitheoir an lae inniu. (40 marc)

ROINN J REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

a. Luaigh slí **amháin** ar braitheadh go raibh teoiric na héabhlóide le Darwin i gcoimhlint le tuiscint reiligiúnach amháin ar an gcruthú. (40 marc)

b. Abair conas a thug pobal creidimh **amháin** faoin gcoimhlint seo a réiteach. (40 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán